



Noel Ó Dúgáin, Clannad

Nuacht TG4 (Leibhéal B2)

A: MACHNAMH

Suigh siar agus dún do shúile. Éist leis an mír nuachta. Ná féach uirthi go fóill agus ná bí buartha faoi ábhar na míre go fóill. Éist leis an gceol atá inti. Pléigh na ceistanna thíos leis an duine in aice leat tar éis éisteacht amháin.

1. Ar thaitin an ceol leat?
2. Conas a mhothaigh tú agus tú ag éisteacht leis an gceol?
3. Conas a chuirfeá síos ar atmaisféar / ton na míre? Áthasach, brónach, ómósach?
4. Cad a cheapann tú faoi cheol Chlannad?
5. Cén cineál ceoil a thaitníonn leat?



B: FOCLÓIR

1. Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball. An féidir leat na leaganacha Gaeilge a aimsiú anois sula bhféachfaidh tú ar an mír? Bain úsáid as www.focloir.ie chun cabhrú leat, más gá.

emerge:	_____
founder:	_____
top-class:	_____
guitarist:	_____
fame:	_____
charts:	_____
loss:	_____
condolence:	_____
soul:	_____
clay/earth:	_____

2. Deir Áine Ní Ghallchóir sa mhír go raibh Noel Ó Dúgáin sa ghrúpa Clannad ‘i gcuideachta’ Chlann Uí Bhraonáin. An bhfuil leagan eile agatsa ar an bhfrása ‘i gcuideachta’?
3. Cad is brí le **go deo**? An bhfuil bealach eile agat chun é a rá?

Féach ar an tuairisc anois agus aimsigh na focail thuas inti.

C: TUISCINT

Féach ar an tuairisc arís agus breac síos an oiread eolais agus is féidir faoi na daoine/dreamanna sa tábla:

Noel Ó Dúgáin	
Clannad	
Clann Uí Bhraonáin	
Pádraig Ó Dúgáin	
Mairéad Ní Mhaonaigh	

Déan comparáid leis an duine in aice leat idir an t-eolas atá agatsa agus an t-eolas atá acusan.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (an briathar saor, aimsir chaite)

- a) Bhí trí shampla den bhriathar saor san aimsir chaite sa mhír. Féach ar an mír arís agus déan iarracht iad a aimsiú.
- b) Féach ar an mbriathar saor (aimsir chaite) de na briathra mírialta seo a leanas. Cad é an fhoirm dhiúltach? Féach ar an sampla mar threoir agus téigh go dtí <https://www.teanglann.ie/ga/gram/> mura bhfuil tú cinnte.

déan:	rinneadh	<u>Ní dhearnadh</u>
feic:	chonacthas	_____
faigh:	fuarthas	_____
ith:	itheadh	_____
téigh:	chuathas	_____

2: Cruinneas gramadaí (ag comhaireamh)

Dúirt Siún Nic Gearailt go raibh Noel '73 bliain' d'aois. An féidir leat aois Noel a scríobh ar bhealach eile?

3: Saibhreas teanga (brón)

Féach ar an mír arís agus breac síos na bealaí ar fad a gcuirtear brón in iúl sa tuairisc, mar shampla:

'Tá domhan an cheoil faoi bhrón inniu..'

E: CUMARSÁID

1: Caint (Ag déanamh comhbhrón le duine)

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Samhlaígí go bhfuair seanathair le cara libh bás le déanaí. Ba mhaith libh gaoch a chur ar bhur gcara ar ball le comhbhrón a dhéanamh. Bíodh seisiún tobsmaointeoireachta agaibh anois chun teacht aníos leis an tslí is fearr le bhur gcomhbhrón a chur in iúl.

Féach ar na samplaí a bhí sa mhír:

- Go ndéana Dia grásta ar a anam uasal.
- Go luí an chréafóg go héadrom ar a chorp uasal.
- Beannacht Dé lena anam.

Cuirigí na pointí seo a leanas san áireamh agus sibh ag obair:

- an aithne a bhí agaibh ar an duine a bhásaigh
- an caidreamh a bhí ag bhur gcaraleis an duine sin

2: Scríobh

Scríobh cárta comhbhróin anois, bunaithe ar an obair a rinne tú faoi **Caint** thuas.

AN SCRIPT

Siún Nic Gearailt

Tá domhan an cheoil go mór faoi bhrón tráthnóna ó tháinig sé chun solais go bhfuil duine de bhunaitheoirí an ghrúpa Clannad, Noel Ó Dúgáin, tar éis bháis. Bhí sé 73 bliain d'aois.

Áine Ní Ghallchóir

Bhí Noel Ó Dúgáin ina bhall de Chlannad ón tús, ó bunaíodh iad ag tús na seachtóidí. Bhí a chúpla, Pádraig, a fuair bás in 2016, ina bhall den ghrúpa, i gcuideachta Chlann Uí Bhraonáin – Moya, Ciarán agus Pól.

I dteachtaireacht uathu, dúradh go raibh a gcroíthe briste leis an scéala go bhfuair Noel bás. ‘Ár n-uncail grámhar, ár gcara dílis agus duine de bhunaitheoirí Chlannad.’ Dúirt siad go gcoinneofar cuimhne ar Noel go deo as an ghrá¹ don cheol, mar ghiotáraí den chéad scoth agus as a dhílseacht do Chlannad.

Thuill Clannad clú agus cáil ar fud an domhain agus bhain siad gradaim go leor, ina measc *Grammy*, *BAFTA* agus *Ivor Novello*. Bhí siad i gcairteacha singil na Breataine in 1982 leis an amhrán Gaeilge ‘An Téama ó Harry’s Game,’ an chéad uair a cluineadh² amhrán Gaeilge ar *Top of the Pops*.

Mairéad Ní Mhaonaigh, Altan

Mura raibh rudaí tragóideach go leor leis an chailliúint mhór a tharla ar an Chraoslach seachtain ó shin, fuair muid scéala mall aréir go bhfuair duine de laochra móra ceoil an chontae, is é sin, Noel Uasal Ó Dúgáin, bás. Duine de bhunaitheoirí Chlannad, agus tá sé anois lena dheartháir, Pádraig, a fuair bás cúpla bliain ó shin. Agus ba mhaith liom mo chomhbhrón cumainn a chur in iúl do Chlann Uí Dhúgáin agus do Chlann Uí Bhraonáin. Go ndéana Dia grásta ar a anam uasal.

Áine Ní Ghallchóir

Go luí an chréafóg go héadrom ar a chorp uasal.

Siún Nic Gearailt

Beannacht Dé lena anam.

¹ Canúint Uladh atá ag na cainteoirí seo; mar sin, cuirtear séimhiú seachas urú ar ainmfhocail i ndiaidh réamhfhocail agus an ailt.

² cluineadh = leagan canúnach de ‘chualathas’

NÓTAÍ & FREAGRAÍ

A: MACHNAMH

Cuir an mhír ar siúl uair amháin. Abair leis na foghlaimeoirí a súile a dhúnadh agus gan féachaint ar an mír. Mínigh dóibh nach bhfuil sé tábhachtach go dtuigfeadh siad gach rud ag an bpointe seo. Is é sprioc na gníomhaíochta ná éirim agus ton an scéil a thuiscint, chomh maith le machnamh a dhéanamh ar an gceol atá inti. Tabhair tamall do gach beirt na ceisteanna a phlé le chéile sula bpléifidh tú na ceisteanna leis an rang iomlán.

B: FOCLÓIR

1. An stór focal:

emerge – (tar) chun solais
founder – bunaitheoir
top-class – den chéad scoth
guitarist – giotáraí
fame – clú agus cáil
charts – cairteacha
loss – cailliúint
condolence – comhbhrón
soul – anam
clay/earth – créafóg

2. i gcuideachta = i dteannta, in éineacht. 3. go deo = choíche, go brách, i gcónaí,

C: TUISCINT

Féach an script.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (an briathar saor, aimsir chaite)

a) Bunaíodh, dúradh, cluineadh (leagan canúnach de ‘chualathas’).

b) Féach:

déan:	rinneadh	Ní dhearnadh
feic:	chonacthas	Ní fhacthas
faigh:	fuarthas	Ní bhfuarthas
ith:	itheadh	Níor itheadh
téigh:	chuathas	Ní dheachthas

2: Cruinneas gramadaí (ag comhaireamh)

Trí bliana is seachtó. Is féidir an tábla seo a tharraingt ar an gclár más mian leat dul siar ar an ainmfhocal **bliain** leis an rang.

Noel Ó Dúgáin, Clannad

1	2	3-6	7-10	15	20, 30, 40...
bliain amháin	dhá bhliain	trí bliana	ocht mbliana	cúig bliana déag	fiche bliain

3: Saibhreas teanga (brón)

'Tá domhan an cheoil faoi bhrón inniu..'

'dúradh go raibh a gcroíthe briste...'

'tragóideach'

'cailliúint mhór'

'ba mhaith liom mo chomhbhrón cumainn a chur in iúl'

Cumarsáid

1: Caint

Tabhair faoi deara go ndeir Mairéad Ní Mhaonaigh – Go ndéanfaidh Dia grásta ar a anam uasal; agus go ndeir Áine Ní Ghallchóir – Go luífidh an chréafóg go héadrom ar a chorp. Baineann siad úsáid as an aimsir fháistineach in ionad an mhodha fhoshuitigh. Tá an nós sin ag teacht isteach sa chaint anois. Seo thíos cúpla nath cainte eile a úsáidtear chun comhbhrón a dhéanamh:

Ní maith liom do thrioblóid / tá mé buartha faoi do thrioblóid / ní maith liom do bhris / is oth liom do bhris – I'm sorry for your loss.

Déanaim comhbhrón ó chroí leat – I sympathise from the bottom of my heart

Ar dheis Dé go raibh a anam – May he be at the right hand of God

Go dtuga Dia dídean na bhflaitheas dó - God grant him refuge in heaven

Grásta ó Dhia air - God rest him

Go ndéana Dia a mhaith air - God rest his soul

Go ndéana Dia trócaire air - God rest his soul

2: Scríobh

Abair leo na nathanna cainte ar fad a phléigh siad faoi **Caint** a úsáid chun cárta simplí comhbhróin a scríobh. Mar shampla:

A Mháire, a chara,

Ba mhaith liom comhbhrón ó chroí a dhéanamh leat, a Mháire. Chuala mé inné go bhfuair do sheanathair bás agus bhí an-bhrón orm é sin a chloisteáil. Tá a fhios agam go raibh tú an-mhór leis. Is oth liom do bhris. Fear iontach a bhí ann. Bhí sé lán de spiorad agus de chraic. Ba dhuine cineálta agus macánta é. Is cuimhin liom é ag insint scéalta agus ag canadh go minic. Fear uasal a bhí ann.

Go ndéana Dia trócaire air.

Caitlín



Lárionad na Gaeilge
Taighde, Teagasc & Tástáil

Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas
Gaeilge & Gaelscoláilochta



An Roinn Turasóireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeilge, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaelic, Sport and Media

